Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13934/23**

**SOC 667**
**EMPL 475**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13175/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cosaint shóisialta do dhaoine féinfhostaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a d'fhormheas Comhairle EPSCO ag an gcruinniú a bhí aici an 9 Deireadh Fómhair 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Cosaint shóisialta do dhaoine féinfhostaithe**

**Conclúidí ón gComhairle**

**AGUS AN MÉID A LEANAS Á MHEAS:**

1. An 8 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe[1] (dá ngairtear 'an Moladh' feasta).

2. Cuireann an Moladh le cur chun feidhme phrionsabal 12 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, arna fhógairt go comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún in 2017, lena bhforáiltear, go bhfuil an ceart ag gach oibrí – agus faoi choinníollacha comparáideacha ag daoine féinfhostaithe – ar chosaint shóisialta leordhóthanach beag beann ar chineál agus fad a gcaidrimh fostaíochta.

3. Ó thaobh na hEorpa di, ag tráth ghlacadh an Mholta seo, tharla paindéim COVID-19 in 2020. D'fhág an phaindéim lorg ollmhór ar chúrsaí eacnamaíoch agus sóisialta, ach mar thoradh ar fhreagairtí comhordaithe beartais an-láidir ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta araon (lena n-áirítear cumhdach méadaithe, bearta tacaíochta eisceachtúla agus caiteachas), chuidigh na córais cosanta sóisialta le daoine teacht slán as géarchéim COVID-19 gan méaduithe níos substaintiúla a chur ar rioscaí bochtaineachta ná ar neamhionannas ioncaim.

[1] IO C 387, 15.11.2019, lch. 1.

4. Anuas air sin, ní mór na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha is toradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine (a thosaigh in 2022) a chur san áireamh agus cur chun feidhme an Mholta seo á mheas. Tá tionchar an chogaidh seo, ach an oiread le géarchéim ar bith, le brath ar na grúpaí is leochailí agus treisíonn sé an gá atá le beartais shóisialta a bheith i bhfeidhm a chuidíonn leis na héifeachtaí diúltacha thuasluaite a laghdú.

5. In 2021, thíolaic an Coimisiún Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena bhféachtar le rannchuidiú le cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

6. Faoi mar a cuireadh in iúl i nDearbhú Porto agus ag cruinniú na Comhairle Eorpaí i mí an Mheithimh 2021, ba dhíol sásaimh do cheannairí an Aontais príomhspriocanna nua an Phlean Gníomhaíochta Eorpaigh um Chearta Sóisialta AE atá le baint amach faoi 2030.

7. Foráiltear le Roinn 18 den Mholadh *'faoi 15 Samhain 2020, ba cheart don Choimisiún, i gcomhpháirt leis an g**Coiste um Chosaint Shóisialta**, **creat faireacháin** a bhunú **agus táscairí coiteanna cainníochtúla agus cáilíochtúla comhaontaithe a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme** an Mholta seo lena gcumasaítear a athbhreithniú*'.

8. Áirítear sa chreat faireacháin chun dul chun cinn i dtaca le príomh-aidhmeanna an Mholta a mheas, arna ullmhú ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta i mí Dheireadh Fómhair 2020, táscairí chun measúnú a dhéanamh ar chumhdach foirmiúil, cumhdach éifeachtach agus leordhóthanach sochair do gach cineál oibrí i mbrainsí ábhartha de chosaint shóisialta. San áireamh leis chomh maith, tá táscairí margaidh saothair chun measúnú a dhéanamh ar éagsúlacht stádas margaidh saothair agus táscairí maidir leis na rialacha a rialaíonn teidlíochtaí agus ranníocaíochtaí. Léirítear ann freisin go bhforáiltear d'fheabhsuithe breise chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe i mBallstáit an Aontais.

9. I roinn 19 den Mholadh, iarradh ar na Ballstáit plean náisiúnta a chur isteach faoi lár mhí na Bealtaine 2021 ina leagtar amach na bearta comhfhreagracha chun prionsabail an Mholta a chur chun feidhme. Anuas air sin, ba cheart an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na bpleananna sin a phlé i gcomhthéacs na n-uirlisí faireachais iltaobhacha i gcomhréir leis an Seimeastar Eorpach agus leis an Modh Oscailte Comhordúcháin maidir le Cosaint Shóisialta agus Cuimsiú Sóisialta.

10. Cuireadh an chéad fhorléargas ar na pleananna náisiúnta a thíolaic na Ballstáit san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil 2021 ón gCoiste um Chosaint Shóisialta agus i dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022.

11. Léirítear sa tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe[2] ('an Tuarascáil ón gCoimisiún' anseo feasta) go bhfuil éagsúlacht shuntasach i leibhéal uaillmhéine na mBallstát, rud a léiríonn cúinsí agus roghanna náisiúnta. Baintear de thátal as freisin go bhfuil an-chuid difríochtaí fós ann maidir le rochtain ar chosaint shóisialta.

2. COM/2023/43 final, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, an 31.1.2023.

**AGUS AN MÉID A LEANAS Á AITHINT:**

12. Tá na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, ag pleanáil nó ag déanamh athchóirithe struchtúracha atá dírithe ar an Moladh a chur chun feidhme, agus is minic a dhíríonn siad go sonrach ar staid na ndaoine féinfhostaithe a fheabhsú.

13. Is mó an seans go mbeidh easpa cosanta ag grúpaí áirithe thar a chéile, amhail oibrithe neamhchaighdeánacha agus daoine féinfhostaithe. Gan dochar d'fhorálacha an Mholta ón gComhairle maidir le bearnaí a dhúnadh do gach oibrí agus do gach duine féinfhostaithe, dírítear sna conclúidí seo ar dhaoine féinfhostaithe mar ghrúpa a bhfuil bearnaí móra sa chosaint ag baint leo i roinnt mhaith Ballstát[3].

14. 27.7 milliún, arb ionann é agus 13.7 % den daonra fostaíochta, a bhí féinfhostaithe san Aontas in 2022[4]. Daoine féinfhostaithe aonair a bhí in 18.9 milliún de na daoine féinfhostaithe sin i.e. gan fostaithe ar bith. Anuas air sin, ní raibh ach cliant amháin (nó cliant ceannasach amháin) ag thart ar 3.3 milliún acu, lena n-áirítear thart ar 770 000 díobh a ndearna an cliant sin a n-uaireanta oibre a shainiú dóibh.

3. COM/2023/43 final, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, an 31.1.2023 – Na príomhthorthaí (lgh. 2-3)

4. Suirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair (2022), Eurostat.

15. Mar a luaitear sa Tuarascáil ón gCoimisiún, i níos mó ná leath na mBallstáit, ní raibh siad siúd atá féinfhostaithe cumhdaithe ag na brainsí ar fad den chosaint shóisialta in 2022. De réir na faisnéise a chuir na Ballstáit ar fáil, tá níos mó ná 15 mhilliún d'fhéinfhostaithe an Aontais gan rochtain ar shochair dhífhostaíochta i gcás scor de ghníomhaíochtaí[5].

16. Cé go bhfuil an rochtain dheonach ar na córais cosanta sóisialta do dhaoine féinfhostaithe i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle, léirítear sna sonraí sa tuarascáil ón gCoimisiún sna Ballstáit sin ina bhfuil rannpháirtíocht i scéimeanna cosanta sóisialaí deonach do dhaoine féinfhostaithe go bhfuil rátaí glactha na scéimeanna íseal den chuid is mó.

17. I roinnt Ballstát, ní chun tairbhe na ndaoine féinfhostaithe na rialacha lena rialaítear teidlíochtaí agus ranníocaíochtaí, dá dtagraítear i bpointe 9 den Mholadh, rud a chuireann cosc orthu cumhdach éifeachtach leordhóthanach a fháil[6].

18. Dearbhaítear sa Tuarascáil ón gCoimisiún go bhfuil aistrithe sóisialta bunriachtanach i roinnt mhaith Ballstát chun baol na bochtaineachta a laghdú agus go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith ag bearta chun rochtain leordhóthanach ar chosaint shóisialta a áirithiú ar staid na ndaoine féinfhostaithe[7].

19. Tá trédhearcacht maidir le faisnéis a chuireann na riaracháin phoiblí ar fáil maidir le rochtain ar chosaint shóisialta fíor-riachtanach i ngeall ar chastacht na gceanglas maidir le rochtain a fháil ar shochair, a dhéanann an difear is mó dóibh siúd i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta agus daoine féinfhostaithe[8].

---

5. COM/2023/43 final, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, an 31.1.2023 (na sonraí seo bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag 12 as 13 Bhallstát).
6. COM/2023/43 final, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, an 31.1.2023, Pointe 2.3.1 Cumhdach éifeachtach: Bearnaí (lgh. 16-17).
7. COM/2023/43 final, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, an 31.1.2023, Pointe 2.4.1 Leordhóthanacht: Bearnaí (lgh. 20-21).
8. COM/2023/43 final, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, an 31.1.2023, Pointe 2.5.1 Trédhearcacht: Rochtain ar fhaisnéis (lgh. 24-26).

**AGUS AN MÉID A LEANAS Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR:**

20. De réir na tuarascála ón gCoimisiún, '*tá éagsúlachtaí suntasacha idir leibhéal iomlán na huaillmhéine ó thaobh an Moladh a chur chun feidhme, agus le cúpla eisceacht, níl sé mar aidhm ag an gcuid is mó de na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na bearnaí reatha ar fad i rochtain ar chosaint shóisialta. Tá iarrachtaí cur chun feidhme breise de dhíth chun na bearnaí reatha a dhúnadh agus tá sé níos práinní fós gníomhú mar gheall ar na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha is toradh ar chogadh ionsaitheach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ar an ngéarchéim fuinnimh a d'éirigh níos measa dá bharr*.'

21. Ar na hathchóirithe atá déanta nó ar na bacáin ag na Ballstáit chun daoine féinfhostaithe a chosaint, is féidir suntas a thabhairt dóibh siúd a thugann rochtain ar shochair i ndáil le tionóiscí ceirde agus galair cheirde, sochair dhífhostaíochta nó scor de shochair ghníomhaíochta, sochair mhíchumais agus phinsin[9].

22. De réir na Tuarascála ón gCoimisiún, ina bpleananna náisiúnta cur chun feidhme, rinne thart ar leath de na Ballstáit bearta chun scéimeanna cosanta sóisialta leordhóthanachta a fheabhsú, go háirithe maidir le pinsin do dhaoine féinfhostaithe, nó d'fhógair siad na bearta sin[10].

---

9. COM/2023/43 final, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, an 31.1.2023.

10. COM/2023/43 final, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, an 31.1.2023 – Na príomhthorthaí (lch. 2).

23. Anuas air sin, tá bearta glactha ag an-chuid Ballstát a bhaineann le cumhdach foirmiúil agus éifeachtach do ghrúpaí áirithe, a mbíonn rochtain theoranta acu de ghnáth ar chosaint shóisialta. Bearta iad seo a ceapadh chun freagairt do riachtanais a tháinig chun cinn le linn ghéarchéim COVID-19[11].

24. I bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta líon nach beag Ballstát, áirítear athchóirithe agus infheistíochtaí chun rochtain ar chosaint shóisialta a fheabhsú, amhail bearta chun trédhearcacht, leordhóthanacht, rochtain éifeachtach agus rochtain fhoirmiúil a áirithiú[12].

25. Léiríonn sonraí Eurostat gur mó an baol bochtaineachta do dhaoine féinfhostaithe ná d'oibrithe i gcineálacha fostaíochta caighdeánacha. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás daoine féinfhostaithe aonair. Mar thoradh air sin, tá aistrithe sóisialta níos tábhachtaí fós chun baol na bochtaineachta i measc daoine féinfhostaithe a laghdú.

26. Tá cosaint shóisialta na ndaoine féinfhostaithe an-ábhartha sa phróiseas reatha chun bealaí oibre a athrú. Sa lá atá inniu ann, bíonn líon mór daoine i meascán d'fhostaíocht spléach agus féinfhostaíocht nó ag dul ó cheann go ceann eile. D'fhéadfadh an tsoghluaisteacht trasteorann i gcás na teilea-oibre agus obair ardáin a bheith ina ndúshláin do dhaoine féinfhostaithe nach mór aghaidh a thabhairt orthu.

---

[11]. Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022 arna glacadh ag an gComhairle an 14 Márta 2022 agus COM/2023/43 final, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, an 31.1.2023.

[12]. COM/2023/43 final, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, an 31.1.2023. IARSCRÍBHINN: Príomhghnéithe de na pleananna náisiúnta cur chun feidhme (NIPanna) ar rochtain ar chosaint shóisialta (agus nuashonrú).

27. Ní miste freisin aird a tharraingt ar rochtain daoine féinfhostaithe ar scéimeanna cosanta sóisialta comhlántacha agus imthosca agus sainiúlachtaí náisiúnta á gcur san áireamh.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LEIS NA hINNIÚLACHTAÍ NÁISIÚNTA, AGUS CÚINSÍ NÁISIÚNTA Á gCUR SAN ÁIREAMH, AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

28. Leanúint de bhearta na bpleananna náisiúnta cur chun feidhme a chur i gcrích agus bearta breise a dhéanamh chun na bearnaí atá fós ann a dhúnadh agus éifeachtacht phrionsabail an chumhdaigh fhoirmiúil agus éifeachtaigh, na leordhóthanachta agus na trédhearcachta a áirithiú mar a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d’oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe.

29. Na rialacha maidir le ranníocaíochtaí a rialú, i gcás inar gá, a oiriúnú maidir le rochtain ar shochair agus maidir le teidlíochtaí chun rochtain éifeachtach ar shochair leordhóthanacha do dhaoine féinfhostaithe a chumasú.

30. Aghaidh a thabhairt, i gcás inarb iomchuí agus i bhfianaise imthosca náisiúnta, ar bhearnaí atá ann cheana féin sna scéimeanna náisiúnta maidir le rochtain ag daoine féinfhostaithe ar chosaint shóisialta, go háirithe i mbrainsí ina bhfuil na bearnaí is mó, amhail sochair dhífhostaíochta, sochair bhreoiteachta, tionóiscí ceirde agus galair cheirde.

31. A áirithiú go gcuireann na scéimeanna leibhéal leordhóthanach cosanta ar fáil do dhaoine féinfhostaithe go tráthúil agus i gcomhréir le himthosca náisiúnta, lena gcuirtear ar fáil na modhanna chun caighdeán sásúil maireachtála a choinneáil agus athsholáthar ioncaim iomchuí a chur ar fáil, agus ag an am céanna, baol na bochtaineachta a choinneáil uathu.

32. Trédhearcacht na gcóras cosanta sóisialta a mhéadú**,** i gcás inarb ábhartha, go háirithe trí fhaisnéis a scaipeadh agus feasacht a mhúscailt mar aon le bearta a ghlacadh chun digitiú na gcóras cosanta sóisialta ar bhealach sothuigthe a éascú, agus sainiúlachtaí daoine féinfhostaithe á gcur san áireamh, agus an deighilt dhigiteach á laghdú ag an am céanna, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí a bhfuil leibhéil ísle litearthachta ag baint leo (digiteach, riaracháin agus eacnamaíoch) agus ar dhaoine faoi mhíchumas.

33. Machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun rochtain ar chosaint shóisialta a atreisiú agus na bearnaí atá fós ann a dhúnadh, agus i gcás inar gá, ról a thabhairt freisin do na comhpháirtithe sóisialta agus d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

34. Bailiú leordhóthanach sonraí ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú chomh maith le síorbhreathnú a dhéanamh ar na bearta arb é is aidhm dóibh an chosaint shóisialta a leathnú. Tacú le rannpháirtíocht náisiúnta sa Chóras Faisnéise Frithpháirteach maidir le Cosaint Shóisialta, lena n-áirítear faisnéis ábhartha faoi dhaoine féinfhostaithe a áireamh.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

35. An Tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Mholta maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe a scaipeadh, agus an díospóireacht maidir le cosaint shóisialta do dhaoine féinfhostaithe idir na Ballstáit, na Comhpháirtithe Sóisialta Eorpacha agus i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha a chur chun cinn.

36. Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus oibriú i gcomhpháirt leis na Ballstáit chun feabhas a chur ar inchomparáideacht na sonraí i mBallstáit an Aontais.

37. Leanúint de bheith ag obair go cuimsitheach leis na Ballstáit agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le faireachán agus táscairí chun an Moladh a chur chun feidhme go héifeachtach chomh maith le malartuithe dea-chleachtas agus athbhreithnithe piaraí a thionscnamh d'fhonn foghlaim a spreagadh i measc na mBallstát.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

38. Leanúint d'fhorbairt na rochtana ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe araon a chur san áireamh ina thuarascálacha ábhartha agus san obair théamach, i gcomhar, i gcás inar gá, le coistí ábhartha eile.

39. Leanúint dá ról tiomnaithe maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle i ngach gné de agus i gcomhréir lena shainordú.

40. Oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún ar mhaithe leis an gcreat faireacháin maidir le rochtain ar chosaint shóisialta a fhorbairt a thuilleadh.

41. Féachaint an bhféadfaí piarmheasúnuithe téamacha agus malartuithe rialta faisnéise a dhéanamh chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach an Mholta.